### ORD LE hAGHAIDH

# URNAÍ NA MAIDINE AGUS NA NÓNA

### GACH LÁ AR FEADH NA BLIANA

**ABAIRTÍ AS AN SCRIOPTÚR**

***Ministir***

Má thréigeann an drochdhuine a pheacaí agus déanamh mar is ceart agus mar is cóir, tabharfaidh sé a bheatha slán. *Eiz 18.27*

Óir aithním mo chionta go maith agus tá mo pheaca os mo chomhair i gcónaí. *Salm 51.3*

Iompaigh do ghnúis ó mo pheacaí agus cealaigh mo chionta go léir. *Salm 51.9*

M'íobairtse, a Dhia, an croí aithríoch; ní eiteoidh tú, a Dhia, croí brúite uiríseal. *Salm 51.17*

Réabaigí bhur gcroí in ionad bhur mball éadaigh. Filligí chun an Tiarna , bhur nDia, mar tá sé truachroíoch agus trócaireach, mall chun feirge agus lán de bhuanghrá agus is aithreachas dó an t-olc. *Ióéil 2.13*

Leis an Tiarna, ár nDia, a bhaineann trócaire agus maithiúnas mar rinneamar ceannairc ina aghaidh. Níor éisteamar le guth an Tiarna, ár nDia, á rá linn maireachtáil de réir a dhlíthe, faoi mar a chuir sé faoinár mbráid iad trína shearbhóntaí na fáithe. *Dain 9.9,10*

Ceartaigh mé, a Thiarna, go mín; ná cuir pionós orm is tú ar buile chugam, ar fhaitíos go ndéanfaí neamhní díom *Irim 10.24; Salm 6.1*

Déanaigí aithrí, mar tá ríocht na bhflaitheas in aicearracht. *Matha 3.2*

Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm. *Lúcás 15.18,19*

Ná glaoigh ar do ghiolla chun breithiúnais; óir níl aon neach fíréanta i d'fhianaise. *Salm 143.2*

Má deirimid nach bhfuil aon pheaca orainn meallaimid sinn féin agus níl an fhírinne ionainn. Má admhaímid ár bpeacaí, tá seisean dílis cóir agus maithfidh sé dúinn ár bpeacaí agus glanfaidh sinn ón uile olc. *1 Eoin 1.8,9*

**(I gcomhair NA NOLLAG)**

Féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu i gcathair Dháiví – is é Críost an Tiarna é. *Lúcás 2.10,11*

**(I gcomhair NA CÁSCA)**

Ach tá Críost dáiríre aiséirithe ó mhairbh, céadtoradh na muintire atá ina gcodladh . *1 Cor 15.20*

**(I gcomhair NA DEASCABHÁLA)**

D'ardaigh Dia ar a dheis féin é ina phrionsa agus ina shlánaitheoir chun aithrí agus maithiúnas peacaí a thabhairt d'Iosrael. *Gníomh 5.31*

**(I gcomhair NA CINCÍSE)**

Dá bhrí sin, más eol daoibhse atá go holc nithe maithe a thabhairt do bhur gclann, nach móide go dtabharfaidh an tAthair ó neamh an Spiorad Naomh dóibh seo a iarrann air é? *Lúcás 11.13*

***Ansin déarfaidh an ministir an Moladh seo, nó cuid de:***

A bhráithre na páirte, is iomaí áit sa Scrioptúr a mholas dúinn admháil agus aithreachas a dhéanamh faoi mhéid ár bpeacaí agus ár n-urchóide; agus gan iad a cheilt ná a chlúdach i bhfianaise Dé uilechumhachtaigh, ár nAthair neamhaí; ach iad a admháil le croí umhal, íseal, aithríoch, ómósach; i gcaoi go bhfaighimid maithiúnas iontu trína mhaitheas agus trína thrócaire dhochuimsithe. Agus cé gur chóir dúinn i gcónaí ár bpeacaí a admháil go humhal i láthair Dé, is é an t-am is córa chuige am ár gcruinnithe agus ár gcomhthionóil, am altaithe na sochar a bhronn sé orainn, am seinnte a mhórmholta mar is dual, am éisteachta a Bhriathair fhíornaofa, am iarrtha na nithe is gá agus is riachtanach dúinn, idir chorp agus anam. Dá bhrí sin iarraim d'achainí oraibh, an méid atá anseo i láthair, teacht liom le glaine croí agus le humhlaíocht glóir, go dtí ríchathaoir na ngrást neamhaí, agus a rá i mo dhiaidh;

***Nó féadann an ministir a rá ina ionad sin;***

Admhaímis ár bpeacaí go humhal do Dhia uilechumhachtach.

***Téann gach duine ar a ghlúine***

**FAOISTIN CHOITEANN**

**A Athair uilechumhachtaigh, shárthrócairigh, chuamar ar seachrán, agus d'imíomar ó do dhlíthese ar nós caorach fáin. Leanamar an iomarca de mheanga agus de mhianta ár gcroí féin. Chiontaíomar in aghaidh do dhlíthe naofasa. D'fhágamar gan déanamh na nithe ba chóir dúinn a dhéanamh, agus rinneamar na nithe nár chóir dúinn a dhéanamh; Agus níl folláine ar bith ionainn. Ach, a Thiarna, bíodh trócaire agat orainn, na peacaigh thrua. Coigilse, a Dhia, na daoine admhaíos a gcionta. Glac chugat arís lucht an aithreachais; De réir do ghealltanas a foilsíodh don chine daonna in Íosa Críost, ár dTiarna. Agus deonaigh, a Athair shárthrócairigh, ar a shon-sean; Go gcaithfimid ár saol feasta go diaga deabhóideach, go fíréanta foistineach, chun glóire d'Ainm naofa féin. Áiméan.**

**AN ASPALÓID**

***nó Maithiúnas peacaí, a rá ag an sagart amháin***

Dia uilechumhachtach, Athair ár dTiarna Íosa Críost, nach mian leis bás an pheacaigh, ach go n-iompaí sé óna olc agus go maire sé beo; agus a thug údarás agus aithne dá Mhinistrí, chun go bhfoilsídís agus go bhfógraídís Aspalóid agus Maithiúnas a bpeacaí dá phobal atá aithríoch: Tugann sé maithiúnas agus fuascailt do gach duine a dhéanas aithreachas go dúthrachtach, agus a chreideas go fírinneach a Shoiscéal naofa. Dá bhrí sin guímis é bua an fhíoraithreachais agus a Spiorad Naomh a dheonú dúinn, chun go dtaitní leis na nithe atá á ndéanamh againn faoi láthair; agus go raibh beatha niamhghlan naofa againn feasta; chun go sroichimid sa deireadh a shuáilce shíoraí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

**AN PHAIDIR**

Ár nAthair, atá ar neamh, Go naofar d'ainm, Go dtaga do ríocht, Go ndéantar do thoil ar talamh, Mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha, Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin. Agus ná lig sinn i gcathú, Ach saor sinn ón olc. Óir is leatsa an ríocht, Agus an chumhacht, Agus an ghlóir, Trí shaol na saol. Áiméan.

A Thiarna, oscailse ár mbeola
**Agus foilseoidh ár mbéal do mholadhsa.**

A Dhia, déan deifir chun ár saortha.
**A Thiarna, déan dithneas chun cabhrú linn.**

***Seasann cách***

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh;
**mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.**

Molaigí an Tiarna:
**Moltar ainm an Tiarna.**

***Urnaí na Nóna: Lch 68***

**URNAÍ NA MAIDINE**

***VENITE* a deirtear nó a chantar.**

***Salm 95***

1 Téanam agus canaimis don Tiarna; ■
déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.

2 Druidimis ina láthair le haltú buíochais; ■
déanaimis pléaráca do le hamhráin mholta.

3 Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; ■
is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.

4 Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, ■
agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.

5 Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; ■
agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.

6 Téanam, go n-adharfaimis agus go sléachtfaimis; ■
feacam ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn.

7 Óir is é ár nDia é, agus is sinne ■
pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.

8 Á, dá n-eistfeadh sibh inniu lena ghlór: ■
“Ná cruaigí bhur gcroí mar a tharla i Miríbeá, nó an lá úd ag Masá san fhásach

9 mar a ndearna bhur n-aithreacha mo phromhadh, ■
do mo thriail cé go bhfacadar mo bhearta.

10 Ar feadh daichead bliain ba ghráin liom an ghlúin sin ■
agus dúirt mé: ‘Is seachránach a gcroí siúd;
is pobal iad nach eol dóibh mo shlite.’

11 Ar an ábhar sin mhionnaigh mé i m’fhearg ■
nach rachaidís i mo shuaimhneas isteach go brách.”

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***Céadaoin an Luaithrigh, agus Aoine an Chéasta is ceadaithe*** **VENITE** ***a fhágáil ar lár.***

***Domhnach Cásca agus na seacht laethanta ina dhiaidh***

## AINTIÚIN NA CÁSCA

***1 Cor 5. 7b-8, Rómh 6.9-11, 1 Cor 15.20-22***

1 Tá Críost, ár n-uan Cásca, íobartha ar ár son. ■
Déanaimis an fhéile a cheiliúradh dá bhrí sin.

2 Ní leis an tseanghabháil é, le gabháil an oilc agus na hurchóide, ■
ach le harán slim an ionracais agus na fírinne.

3 Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh
nach bhfaighidh sé bás níos mó. ■

4 Níl aon cheannas ag an mbás air feasta, mar an bás a fuair sé,
ba bhás mar leis an bpeaca é, don aon uair amháin go deo, ■
ach is beatha do Dhia a bheatha feasta.

5 Ar an gcuma chéanna ní mór daoibhse a mheas gur daoine sibh chomh maith ■
atá marbh don pheaca agus beo do Dhia in Íosa Críost.

6 Tá Críost éirithe ó na mairbh, ■
céadtoradh na muintire atá ina gcodladh.

7 Ós tríd an duine a tháinig an bás, ■
is tríd an duine a tháinig aiséirí na marbh fosta.

8 Faoi mar a fhaigheann gach duine bás in Ádhamh, ■
athbheofar gach duine chomh maith i gCríost.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

## LÉACHT

***ón Seantiomna, má úsáidtear trí leacht.***

### SALM, NÓ SAILM

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***– a deirtear ag deireadh gach Sailm.***

**LÉACHT**

***ón Seantiomna***

***Má úsáidtear trí léacht, is ón Tiomna Nua é seo.***

**TE DEUM**

1 Molaimid thú a Dhia: ■
admhaímid gur tusa an Tiarna;

2 Adhrann an talamh uile thú: ■
an tAthair síoraí.

3 Is chugatsa a cheolann na hAingil uile,
na Flaithis agus a bhfuil de chumhachtaí iontu ■
Is chugatsa a cheolann de shíor na cearúibím agus na searaifím,

4 Naofa, naofa, naofa an Tiarna, Dia na gcumhachtaí: ■
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

5 Molann cuideachta ghlórmhar na n-aspal thú: ■
molann dea-chomhaltas na bhfáithe thú.

6 Molann arm glanuasal na mairtíreach thú: ■
an Eaglais naofa ar fud an domhain, admhaíonn sí thú.

7 An tAthair i do mhórgacht gan teorainn:
’Aonmhac fírinneach fíor-onórach: ■
agus an Spiorad Naomh treoraí agus abhcóide.

8 Is tú Rí na glóire, a Chríost. ■
Is tú an Mac síoraí ón Athair.

9 Nuair a ghabh tú ort ár gcorp le sinn a fhuascailt: ■
is í broinn na hÓighe a roghnaigh tú go humhal.

10 Rug tú bua ar gha an bháis: ■
agus chuir ríocht neimhe ar leathadh roimh lucht an chreidimh go léir.

11 Tá tú i do shuí i nglóir ar dheasláimh Dé: ■
creidimid go dtiocfaidh tú mar bhreitheamh orainn.

12 Tar mar sin, a Thiarna agus fóir ar do phobal, ■
a cheannaigh tú le luach d’fhola féin.

13 Tabhair i measc do naomh sinn ■
chun na glóire síoraí.

14 Saor do phobal, a Thiarna, agus beannaigh d’oidhreacht: ■
bí á rialú, agus tabhair taca dóibh go brách.

15 Ó lá go lá beannaímid thú: ■
agus adhraimid d’ainm de shíor.

16 A Thiarna, coinnigh sinn ó gach peaca inniu: ■
A Thiarna, déan trócaire orainn: déan trócaire orainn.

17 A Thiarna, taispeáin dúinn do ghrá is do thrócaire: ■
ós asat atá ár muinín.

18 Asatsa, a Thiarna, atá ár muinín: ■
ná ligtear ár náiriú go brách.

***nó* BENEDICITE*(lch 96)***

***nó* URBS FORTITUDINIS *Íseáia 26.1-4, 7,8***

1 Tá baile daingean againn: ■
leag Dia amach bábhún agus forbhalla dár ndídean.

2 Osclaígí na geataí: ■
isteach leis an bpobal fíréanta a choimeádann an fhírinne.

3 Iad sin a sheasann lena ngealltanas, atá bunúsach ó chroí: ■
a choinníonn tú sa tsíocháin, óir is asatsa atá a muinín.

4 Bíodh bhur muinín as an Tiarna go deo: ■
óir is é an Tiarna an charraig shíoraí.

5 Is díreach bealach na bhfíréan; ■
tú atá ionraic, réitíonn tú bóthar díreach do na fíréin.

6 Is ea, ar bhealach do chuid breithiúnas táimid ag fanacht leat, a Thiarna: ■
is é d'ainm agus do chuimhne tnúthán ár n-anama.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***nó* LAUDATE DOMINUM *Salm 148***

**LÉACHT**

***ón Tiomna Nua.***

***Má úsáidtear trí léacht is Soiscéal i gcónaí é seo.***

**BENEDICTUS**

***Amhrán Zacharía. Lúcás 1: 68-79***

1 Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, ■
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;

2 agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar ■
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –

3 de réir mar a labhair ■
trí bhéal a naomhfháidh anallód –

4 mar shaoradh dúinn ónár naimhde ■
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,

5 ag déanamh trócaire mar sin ar ár sinsir, ■
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –

6 ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair – ■
go dtabharfadh sé dúinn,

7 tar éis ár saortha as láimh ár naimhde, ■
bheith ag seirbhís dó gan eagla,

8 i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair ■
gach lá dár saol.

9 Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, ■
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthair,

10 ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal ■
trí mhaithiúnas a bpeacaí

11 de chionn trócaire chroí ár nDé ■
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,

12 chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; ■
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***nó* IUBILATE *Salm 100***

1 Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile; ■
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina Tj8843 -h.3(al )n843 -1.a3TchébDláng884s

T2-5.7( )588286(rBo)-5.67hdAa bfhA aaagurbaéan Liarn-10.7(n)659(a)-3.7■( ) dDi agnn.

3 Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh. ■
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le cainticí.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

4 Nach maith é go deimhin an Tiarna; ■
maireann a bhuanghrá go brách. Is dílis é ó ghlúin go chéile.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***Ar leanúint ar lch 69 le Cré na nAspal***

**URNAÍ NA NÓNA**

**SALM NÓ SAILM**

**LÉACHT**

***ón Seantiomna.***

**MAGNIFICAT** ***Amhrán Muire Óigh Bheannaithe Lúcás 1. 46-55***

1 Mórann m’anam an Tiarna, ■
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

2 Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh; ■
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

3 Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom: ■
agus is naofa a ainm.

4 Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin: ■
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

5 Thaispeáin sé neart a láimhe: ■
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.

6 Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha: ■
agus d’ardaigh sé daoine ísle.

7 Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe: ■
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.

8 D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach: ■
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –

9 de réir mar gheall sé dár sinsir: ■
d’Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***nó* CANTATE DOMINO, *Salm 98 (lch 104)***

**NUNC DIMITTIS** ***Amhrán Shimeoin. Lúcás 2. 29-32***

**LÉACHT**

***ón Tiomna Nua***

1 Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna: ■
de réir d’fhocail, faoi shíocháin.

2 Mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil: ■
atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile.

3 Solas chun na náisiúin a shoilsiú: ■
agus glóir do phobal Iosrael.

Glóir don Athair, agus don Mhac, ■
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois, ■
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. Áiméan.

***nó* DEUS MISEREATUR, *Salm 67 (lch 104)***

**URNAÍ NA MAIDINE AGUS NA NÓNA**

***Deirtear nó ceoltar***

**CRÉ NA nASPAL**

**Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talaimh;
Agus in Íosa Críost, a Aonmhac, ár dTiarna;
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
a d'fhulaing páis faoi Phontius Píoláit,
a céasadh, a fuair bás, agus a adhlacadh
Chuaigh sé síos go hifreann,
An tríú lá d'éirigh sé arís ó na mairbh.
Chuaigh sé suas ar neamh,
agus tá sé ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach.
As sin tiocfaidh sé arís chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomheaglais chaitliceach,
cumann na naomh,
maithiúnas na bpeacaí,
aiséirí na colainne,
agus an bheatha shíoraí. Áiméan**

Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spioradsa.**

***Téann gach duine ar a ghlúine***

Guímis.

A Thiarna, déan trócaire orainn.
**A Chríost, déan trócaire orainn.**
A Thiarna, déan trócaire orainn.

**Ár nAthair, atá ar neamh, Go naofar d'ainm, Go dtaga do ríocht, Go ndéantar do thoil ar talamh, Mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha, Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin. Agus ná lig sinn i gcathú, Ach saor sinn ón olc. Áiméan.**

***Seasann an ministir agus deir,***

Foilsigh do thrócaire orainn, a Thiarna:
**agus deonaigh dúinn do shlánú.**

*T.É. [*A Thiarna, saor *an Bhanríon:*]
*P.É [*Treoraigh agus cosain ár rialtóirí, a Thiarna*:]*
**agus éist linn go trócaireach nuair a ghlaoimid ort.**

Deonaigh d'fhíréantacht do do mhinistrí:
**agus cuir áthas ar do phobal tofa féin.**

Saor do phobal, a Thiarna:
**agus beannaigh d'oidhreachtsa.**

Tabhair síocháin lenár linn, a Thiarna,
**de bhrí nach bhfuil aon duine eile ann a dhéanas troid ar ár son,
ach tusa amháin a Dhia.**

A Dhia, glan ár gcroí ionainn:
**agus ná bain do Spiorad Naomh dínn.**

**NA hORTHAÍ**

***Deirtear Ortha an lae, agus na horthaí seo a leanas:***

**URNAÍ NA MAIDINE**

**AN DARA hORTHA*, ag iarraidh Síochána***

A Dhia, is tú údar na síochána, agus is ansa leat an cur le chéile, is ionann aithne ort agus an bheatha shíoraí, agus is í an tsaoirse is iomláine bheith i do shéirbhís: Cosain sinn, do shearbhóntaí umhla ar ionsaithe uile ár naimhde, ionas nach eagal linn aon áibhirseoir, de bharr ár muiníne as do choimirce; trí neart Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**.

**AN TRÍÚ hORTHA*, ag iarraidh Grásta***

A Thiarna, ár nAthair neamhaí, a Dhia shíoraí na gcumhachtaí, a thug slán sinn go dtí tús an lae inniu: Cumhdaigh sinn ann le do mhórchumhacht; Agus deonaigh dúinn inniu gan titim i bpeaca ná dul i gcontúirt, ach go mbí ár ngníomhartha uile á n-ordú faoi do stiúirse, chun go ndéanaimid de shíor an ní atá fíréanta i d'fhianaise; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**.

**URNAÍ NA NÓNA**

**AN DARA hORTHA*, ag iarraidh Síochána***

A Dhia, ós tú tobar na mianta naofa agus na ndea-chomhairlí agus na ndea-ghníomh, Tabhair dúinne atá inár seirbhísigh agat, an tsíocháin úd nach féidir leis an saol a thabhairt, ionas go raibh rún daingean ag ár gcroí umhlú do d'aitheanta, agus go gcaithimid ár ré go socair suaimhneach, go neamheaglach roimh ár naimhde ós feasach dúinn bheith faoi do choimirce; trí luaíocht Íosa Críost ár Slánaitheoir. **Áiméan**.

**AN TRÍÚ hORTHA*, ag iarraidh Cúnta in aghaidh gach uile Ghuaise.***

Mar achainí ort, a Thiarna, bí mar sholas dúinn sa dorchadas, agus as ucht liacht do thrócaire, bí dár gcumhdach ó bhaoil agus ó bhuartha na hoíche seo; ar ghrá d'aon Mhic, ár Slánaitheoir Íosa Críost. **Áiméan**.

***nó Ar son Grásta agus Dídine***

A Thiarna uilechumhachtaigh, agus a Dhia shíormharthanaigh, sirimid ort ár gcroí agus ár gcolainn araon a dhíriú, a naomhú, agus a rialú i slite do reachta agus in oibreacha d'aitheanta; ionas, faoi dhídean do lánchumhachta, anois agus go brách, go gcoinnítear slán sinn idir chorp agus anam; trínár dTiarna agus ár Slánaitheoir Íosa Críost. **Áiméan**.

***Féadtar* AINTIÚN NÓ IOMANN *a cheol.***

***Féadtar* SEANMÓIR *a thabhairt anseo,***
***nó tar éis na bpaidreacha a leanas.***

**PAIDREACHA**

***Críochnaítear na paidreacha i dtólamh le Paidir Naomh Chrusostomos,***
***agus* GRÁSTA ÁR DTIARNA.**

***T.É. [Paidir ar son Mhaorgacht na Banríona.***

A Thiarna, ár nAthair neamhaí, oll-ard uilechumhachtach, Rí na rithe, Tiarna na dtiarnaí, Aonrialtóir na bhflath, a breathnaíos ó do ríchathaoir ar lucht áitribh an domhain uile; Iarraimid ort go lándúthrachtach féacháint le do ghrásta ar *a Soilse, ár nArdbhantiarna, an Bhanríon ELIZABETH*; agus *í* a líonadh de shíor de ghrásta an Spioraid Naoimh, i gcaoi go gclaona *sí* i gcónaí chun do thola agus go siúla ar do shlí; Soláthair tabhartais neamhaí *di* go fairsing; deonaigh fad saoil di agus sláinte agus sonas; neartaigh *í* ar shlí go dtaga *léi* a naimhde uile a chloí agus a chur faoi smacht; agus ar deireadh tar éis an tsaoil seo, go dtaga sí ar séan agus ar sólás síoraí; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**.]

***T.É. [Paidir ar son na Muintire Ríoga.***

A Dhia uilechumhachtaigh, a údair gach maitheasa, iarraimid go humhal ort go m b e a nnaír* agus gach duine eile den Mhuintir Ríoga: Roinn do Spiorad Naomh leo; bronn orthu saibhreas do ghrásta neamhaí; tabhair séan agus sonas dóibh; agus beir ar do ríocht shíorbhuan iad; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**.]

****Anseo deirtear ainmneacha agus teidil na Muintire Ríoga de réir mar a cheaptar.***

***T.É. [Paidir ar son Ardchúirt na Parlaiminte***

A Dhia na ngrást, iarraimid go humhal ort, maidir leis an ríocht seo ar fad, agus go háirithe le hArdchúirt na Parlaiminte, atá ina suí anois, gurb áil leat a gcomhairlí go léir a threorú agus a thabhairt chun cinn de réir mar is fearr a d'oirfeadh do do ghlóirse, do leas d'Eaglaise, do chumhdach agus d'onóir agus do shochar ár nArdTiarna agus na dTiarnas atá faoina láimh: Gurb é toradh a saothair gach ní a chóiriú agus a shocrú ar an mbunáit is fearr agus is seasmhaí, d'fhonn agus go mbeidh síocháin agus sonas, fírinne agus ceart, creideamh agus cráifeacht go diongbháilte inár measc ó ghlúin go glúin go brách. Na nithe sin, mar aon le gach ní eile atá riachtanach dóibhsean, agus dúinne, agus do d'Eaglais go hiomlán, iarraimid go humhal ort iad trí Ainm agus trí Idirghuí Íosa Críost ár dTiarna agus ár Slánaitheoir fíorbheannaithe. **Áiméan**.]

***P.É. [Paidir ar son an Uachtaráin agus a bhfuil i gceannas.***

A Dhia uilechumhachtaigh, a rialaíos os cionn náisiúin an domhain; Iarraimid d'aire thrócaireach do mhuintir na tíre seo, ionas go gcónaí siad i do shíocháin agus iad faoi chumhdach do choimirce. Deonaigh d'Uachtarán na Tíre seo agus dá bhfuil i gceannas, eagna agus neart le do thoil a aithint agus le déanamh dá réir. Líon le grá don fhírinne agus don fhíréantacht iad, ionas go riara siad do do phobal go dílis chun d'onóra agus do ghlóire; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**.]

***P.É. [Paidir ar son Tithe an Oireachtais***

A Dhia uilechumhachtaigh, foinse gach údaráis agus eagna: treoraigh trí do Spiorad iad sin atá mar ionadaithe againn sa Dáil agus sa Seanad. Ma r ionadaithe an phobail coinnigh umhal iad, mar reachtóirí déan truachroíoch iad, agus mar pholaiteoirí cumhdaigh a n-ionracas. Mar sin de go raibh imeachtaí an Oireachtais ar son na fírinne agus chun maitheas coiteann a chur chun tosaigh. In ainm Íosa Críost a ghuimid, **Áiméan**.]

***Paidir ar son na Cléire agus an Phobail.***

A Dhia shíoraí na n-uilechumhacht, ós tusa amháin a dhéanas iontais mhóra; Seol anuas Spiorad sláintiúil do ghrásta ar ár nEaspaig agus ar ár gCléir, agus ar na daoine go léir atá faoina gcúram; agus doirt anuas orthu síordhrúcht do bheannachta chun go dtaitnídh leat go fírinneach. Deonaigh é sin, a Thiarna, chun onóra ár nAigne agus ár nIdirghuítheora Íosa Críost. **Áiméan**.

A Dhia, a Chruthaitheoir agus a Chumhdaitheoir an chine dhaonna go léir, Guímid go humhal thú ar son daoine de gach uile shaghas agus de gach uile aicme; gurab áil leat do shlite agus d'fholláine shlánaitheach a chur in iúl dóibh, agus do na náisiúin go léir. Guímid go mór mór ar son leas na hEaglaise Caitlicí; go mbí do Dhea-Spiorad á seoladh agus á stiúradh i gcaoi go ndéantar na daoine a admhaíos agus a mhaíos gur Críostaithe iad a threorú i dtreo na fírinne, agus go gcoimeáda siad an creideamh in aontacht an spioraid, i gcomhcheangal na síthe, agus i bhfíréantacht beatha. Ar deireadh, cuirimid faoi bhráid do mhaitheasa aithriúla iad sin atá faoi chrá nó faoi chruatan ina n-aigne, ina gcorp nó ina maoin bheatha; (agus go háirithe iad sin a iarras urnaí an phobail;) gurab áil leat fortacht agus faoiseamh a thabhairt dóibh, de réir mar is gá dóibh fá seach, ionas go mbí foighne ar chruatan acu agus go dtagaid slán as a mbuarthaí uile. Agus iarraimid an méid sin ar son Íosa Críost. **Áiméan**.

***Altú Coiteann***

**A Dhia na n-uile chumhacht agus a Athair na n-uile thrócairí, Ga b h a i m i d n e do sheirbhísigh neamhfhiúntacha buíochas go humhal agus go haigeanta leat Faoi do mhaitheas agus faoi do chineáltas grách dúinne, agus do gach uile dhuine. Beannaímid thú faoinár gcruthú, faoinár gcumhdach, agus faoi bheannachtaí uile na beatha seo; Ach thar gach aon ní faoi do ghrá dochuimsithe; Ag fuascailt an domhain trínár dTiarna Íosa Críost; Faoi shlí na ngrásta, agus faoi dhóchas na glóire.**

**Agus, sirimid ort an dualgas tuisceana úd a thabhairt dúinn ar do thrócairi uile, Go mbí ár gcroí go fíorbhuíoch, Agus go bhfoilsímid do mholadhsa, Ní amháin inár mbriathra, ach fós inár saol; Trínár dtoirbhirt féin chun do sheirbhíse, Agus trí shiúl i d'fhianaise i naofacht agus i bhfíréantacht ar feadh ár laethanta uile; Trí Íosa Críost ár dTiarna, Ag a raibh gach onóir agus glóir in éineacht leatsa agus leis an Spiorad Naomh, Trí shaol na saol. Áiméan.**

***Paidir le Naomh Chrusostomos***

A Dhia na gcumhacht, a thug de ghrásta dúinn ár n-achainíocha coitianta a dhéanamh duit d’aontoil i láthair na huaire seo; agus a gheallas, nuair a bhíonn beirt nó triúr bailithe le chéile i d’Ainmse, go dtabharfair dóibh a n-iarratais; Comhlíon anois, a Thiarna, mianta agus guíonna do sheirbhíseach, de réir mar is fearr dóibh féin; agus deonaigh eolas ar d’fhírinne a thabhairt dúinn ar an saol seo mar aon le beatha shíoraí ar an saol atá le teacht. **Áiméan**.

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan**.

*2 Cor 13.13*